RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/894 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Meitheamh 2022

lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne, i gcás allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1], agus go háirithe Airteagal 13(3) agus 14(5) de,

Tar éis dóibh na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

A. **IARRAIDH**

(1) Fuair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") iarraidh de bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036 ("an bun-Rialachán"), chun imscrúdú a dhéanamh ar imchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcás allmhairí arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus chun na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe.

(2) Chuir Coiste Cosanta thionscal na bhfeisteas cruach dosmálta buntáthaithe san Aontas Eorpach ("an t-iarratasóir") an iarraidh isteach an 25 Aibreán 2022.

B. **TÁIRGE**

(3) Is éard atá i gceist leis an táirge a mbaineann an t-imchéimniú féideartha leis, feistis feadáin agus píobáin bhuntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainíti, a chomhfhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a dtrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar meán gairbhe (Ra) a ndromchla inmheánaigh, gan feire orthu, bíodh siad críochnaithe nó ná bíodh, a aicmítear ar dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 [2] ón gCoimisiún faoi Chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90 (cóid TARIC 7307 23 10 15, 7307 23 10 25, 7307 23 90 15, 7307 23 90 25) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") iad ("an táirge lena mbaineann"). Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ina leith.

(4) Is ionann an táirge faoi imscrúdú agus an táirge a shainmhínítear san aithris roimhe seo, ach é a bheith curtha chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia é nó ná bíodh, táirge atá faoi láthair faoi na cóid AC chéanna agus atá an táirge lena mbaineann (cóid TARIC 7307 23 10 35, 7307 23 10 40, 7307 23 90 35, 7307 23 90 40) ("an táirge faoi imscrúdú").

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 22, 27.1.2017, lch. 14).

C. **NA BEARTA ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR**

(5) Is iad na bearta atá i bhfeidhm agus a d'fhéadfadh a bheith á n-imchéimniú faoi láthair, bearta frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ("na bearta atá ann cheana"). An 26 Eanáir 2022, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga ar na bearta atá ann faoi láthair i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán trí fhógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

D. **FORAIS**

(6) Is leor an fhianaise atá san iarraidh lena léiriú go bhfuil na bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair ar allmhairí an táirge lena mbaineann á n-imchéimniú mar gheall ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú.

(7) Léiríonn an fhianaise san iarraidh gur tháinig athrú ar phatrún thrádála na n-allmhairí ón tSín agus ón Malaeisia chuig an Aontas tar éis fhorchur na mbeart ar an táirge lena mbaineann. Léirigh na sonraí allmhairiúcháin san iarraidh gur tháinig athrú suntasach ar phatrún trádála na n-allmhairí ón tSín agus ón Malaeisia chuig an Aontas tar éis fhorchur na mbeart ar an táirge lena mbaineann. Tháinig laghdú ar onnmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Aontas agus, san am céanna, tháinig méadú ar onnmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Malaeisia, agus tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón Malaeisia chuig an Aontas ó forchuireadh na mbeart an 26 Eanáir 2017. Is cosúil gur tharla an t-athrú sin gan cúis chuí nó gan údar eacnamaíoch leordhóthanach seachas forchur na mbeart. Go deimhin, de réir na fianaise a sholáthair an t-iarratasóir, is cosúil gurbh é ba chúis leis an athrú, trasloingsiú an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Aontas tríd an Malaeisia. Thairis sin, mhaígh an t-iarratasóir nach bhfuil ach dhá tháirgeoir sa Mhalaeisia i mbun fhíortháirgeadh an táirge lena mbaineann agus bhí leibhéal a n-onnmhairí trí chéile chuig an Aontas i bhfad ní b'ísle ar bhonn comhsheasmhach ná méideanna an táirge faoi imscrúdú a allmhairíodh ón Malaeisia chuig an Aontas ó forchuireadh na bearta ar an táirge lena mbaineann. Chuir an t-iarratasóir fianaise isteach a léiríonn amhras gurb ann do shaoráidí táirgthe de chuid cuideachtaí faoi úinéireacht Shíneach sa Mhalaeisia. Sa bhreis air sin, sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil sé beartaithe go hoscailte ag táirgeoirí na Síne áit thionscnaimh an táirge lena mbaineann a athrú ón tSín go dtí an Mhalaeisia.

(8) Ina theannta sin, léiríonn an fhianaise, mar gheall ar an gcleachtas thuasluaite, go bhfuil an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá ann cheana ar an táirge lena mbaineann ó thaobh cainníochta agus praghsanna de. Is cosúil gur tháinig méideanna suntasacha d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach i margadh an Aontais Eorpaigh. Sa bhreis air sin, is leor an fhianaise atá ann lena léiriú go ndéantar an táirge faoi imscrúdú a allmhairiú ar phraghsanna atá faoi bhun an phraghais neamh-dhíobhálaigh a suíodh san imscrúdú ba chúis leis na bearta atá faoi ann faoi láthair.

(9) Ar deireadh, léiríonn an fhianaise gur praghsanna dumpáilte iad praghsanna an táirge faoi imscrúdú i ndáil leis an ngnáthluach a suíodh roimhe seo don táirge lena mbaineann.

(10) Le linn an imscrúdaithe, má aithnítear cleachtais imchéimniúcháin a chumhdaítear le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán, seachas na cinn thuasluaite, féadfaidh an t-imscrúdú na cleachtais sin a chumhdach freisin.

E. **NÓS IMEACHTA**

(11) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur leor an fhianaise atá ann chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán agus chun allmhairí an táirge faoi imscrúdú a chur faoi réir a gcláraithe, i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(12) Chun an fhaisnéis is gá a fháil don imscrúdú sin, ba cheart do gach páirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach, ach tráth nach déanaí ná an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Rialachán seo. Tá feidhm ag an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Rialachán seo maidir leis na páirtithe leasmhara uile. Féadfar faisnéis a lorg freisin ar thionscal an Aontais de réir mar is iomchuí.

(13) Cuirfear údaráis na Malaeisia agus na Síne ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe.

([3]) IO C 40, 26.1.2022, lch. 1.

(a) **Faisnéis a bhailiú agus éisteachtaí a thionól**

(14) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus aon chomhlachas ábhartha a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil ar choinníoll go ndéanfar na haighneachtaí sin faoin sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 3(2). Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanfaidh siad iarraidh i scríbhinn agus go gcuirfidh siad in iúl go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

(b) **Iarrataí ar dhíolúintí**

(15) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge faoi imscrúdú a dhíolmhú ó bhearta mura bhfuil imchéimniú i gceist leis an allmhairiú.

(16) Ós rud é gur lasmuigh den Aontas a tharlaíonn an t-imchéimniú féideartha, féadfar díolúintí a dheonú, i gcomhréir le hAirteagal 13(4) den bhun-Rialachán, do tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sa Mhalaeisia más féidir leo a léiriú nach bhfuil siad páirteach sna cleachtais imchéimniúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán. Táirgeoirí ar mian leo díolúine a fháil, más ann dá leithéid, ba cheart dóibh teacht chun cinn laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo. Cóipeanna den cheistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, den fhoirm éilimh ar dhíolúine le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Mhalaeisia agus de na ceistneoirí le haghaidh allmhaireoirí san Aontas, tá siad ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2606. Ní mór na ceistneoirí a chur isteach laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán seo.

F. **CLÁRÚ**

(17) De bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, má léiríonn toradh an imscrúdaithe go raibh imchéimniú á dhéanamh, cuirfear allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe d'fhonn a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála de mhéid iomchuí a ghearradh, méid nach mó ná an dleacht iarmharach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141, ón dáta a forchuireadh clárú na n-allmhairí sin.

G. **TEORAINNEACHA AMA**

(18) Ar mhaithe le dea-riarachán, ba cheart teorainneacha ama a shonrú:

— ar féidir leis na páirtithe leasmhara iad féin a chur i iúl don Choimisiún lena linn, mar aon le ceistneoirí a chur isteach, a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn nó aon fhaisnéis eile a bheidh le cur san áireamh le linn an imscrúdaithe,

— ar féidir le táirgeoirí sa Mhalaeisia díolúintí ó chlárú na n-allmhairí nó ó na bearta a iarraidh lena linn,

— ar féidir le páirtithe leasmhara iarraidh i scríbhinn a dhéanamh lena linn maidir le héisteacht a fháil ón gCoimisiún.

(19) Tugtar chun suntais go bhfuil feidhmiú na gceart nós imeachta a leagtar amach sa bhun-Rialachán ag brath ar pháirtithe iad féin a chur in iúl laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo.

H. **NEAMH-CHOMHOIBRIÚ**

(20) Má dhiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí dearfacha nó diúltacha a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(21) I gcás inar léir gur chuir páirtí leasmhar faisnéis ar fáil a bhí bréagach nó míthreorach, déanfar neamhaird den fhaisnéis sin agus úsáidfear na fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(22) Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, más ar na fíorais atá ar fáil a bhunófar na torthaí i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh sé tar éis comhoibriú.

I. **SCEIDEAL AN IMSCRÚDAITHE**

(23) Tabharfar an t-imscrúdú i gcrích, de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, laistigh de 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

J. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(24) Tugtar faoi deara gur i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chaithfear le sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo ([4]).

(25) Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/.

K. **AN tOIFIGEACH ÉISTEACHTA**

(26) Féadfaidh na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

(27) Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí/na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú go hiomlán. Ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

(28) Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I bprionsabal, na cláir ama a leagtar amach in Airteagal 3(3) den Rialachán seo chun éisteachtaí os comhair sheirbhísí an Choimisiúin a iarraidh, tá feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le hiarrataí ar éisteachtaí os comhair an Oifigigh Éisteacha. I gcás ina gcuirfear iarrataí éisteachta isteach lasmuigh de na cláir ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú freisin ar na cúiseanna leis na hiarrataí déanacha sin, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna dea-riaracháin agus do chur i gcrích tráthúil an imscrúdaithe.

(29) Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tionscnaítear imscrúdú de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 chun a chinneadh, maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainítí, a chomhfhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a dtrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar meán gairbhe (Ra) a ndromchla inmheánaigh, gan feire orthu, bíodh siad críochnaithe nó ná bíodh, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, (cóid TARIC 7307 23 10 35, 7307 23 10 40, 7307 23 90 35, 7307 23 90 40), an bhfuil siad ag imchéimniú na mbeart arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 2

1. De bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, glacfaidh údaráis chustaim na mBallstát na céimeanna iomchuí chun na hallmhairí a shainaithnítear in Airteagal 1 den Rialachán seo a chlárú.

2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh an Coimisiún a ordú do na húdaráis chustaim scor den chlárú i ndáil le táirgí a d'allmhairigh onnmhaireoirí/táirgeoirí a bhfuil iarratas déanta acu ar dhíolúine ó chlárú, agus ar suíodh ina leith go gcomhlíonann siad na coinníollacha le haghaidh dheonú na díolúine.

Airteagal 3

1. Ní mór do na páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Chun a n-uiríll a chur san áireamh le linn an imscrúdaithe, ní mór do na páirtithe leasmhara a dtuairim a chur in iúl i scríbhinn agus freagraí ar an gceistneoir, iarrataí ar dhíolúintí, nó aon fhaisnéis eile a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Rialachán seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach amháin má shonraítear a mhalairt.

3. Féadfaidh na páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh freisin ar éisteacht os comhair an Choimisiúin laistigh den teorainn ama chéanna de 37 lá. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Maidir le hiarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú inti.

4. Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchirt tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear a) don Choimisiún an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críche an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gceart chun cosanta a fheidhmiú.

5. Cuirfear an lipéad "Íogair" ar gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar sa Rialachán seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras atá curtha ar fáil ag na páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo ([5]). Páirtithe a thíolacann faisnéis le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.

6. Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis "Íogair" achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, achoimrí ar a gcuirfear an lipéad "Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara". Ba cheart do na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a tíolacadh faoi rún a thuiscint go réasúnta.

7. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thaispeáint le hiarraidh gur i modh rúin a gcaithfí leo nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

8. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI) lena n-áirítear iarrataí ar chlárú mar pháirtithe leasmhara, cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae agus de dheimhniúcháin.

Chun rochtain a fháil ar TRON.tdi, tá cuntas EU Login ag teastáil ó pháirtithe leasmhara. Tá treoracha iomlána maidir le conas clárú agus conas TRON.tdi a úsáid ar fáil ar https://webgate.ec.europa.eu/tron/resources/documents/gettingStarted.pdf.

([5]) Is doiciméad "Íogair" doiciméad a meastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad "COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA", doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf.

Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir teileafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuireann siad ar fáil, agus gur seoladh é a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí ríomhphost, seachas i gcás ina n-iarrfaidh siad go soiléir na doiciméid uile ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí ríomhphost, ba cheart do na páirtithe leasmhara na treoracha cumarsáide a cheadú leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

Commission européenne
Direction générale du commerce
Direction G
Bureau: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

TRON.tdi: https://webgate.ec.europa.eu/tron/tdi

R-phost: TRADE-R777-SSTPF-MALAYSIA@ec.europa.eu

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN